# 2020

# Plean Ath-Oscailt Foireann Ghaelscoil Uí Earcáin



Bord Bainistíochta

19/08/2020

## Leagan Amach

** Is doiciméad beo é seo agus déanfar é a athbhreithniú agus a leasú chun treoir nua nó treoir bhreise ó www.gov.ie, www.hse.ie www.hsa.ie www.education.ie a chur san áireamh; De réir aon doiciméid bheo, rinneadh gach iarracht cruinneas na faisnéise a cuireadh ar fáil a chinntiú. Mar sin féin, má shainaithnítear earráidí nó easnaimh, cuir sin in iúl don mBord le do thoil ionas gur féidir bearta iomchuí a dhéanamh chun iad a cheartú.

4. Prionsabail bhunúsach

5. Páistí nár chóir dóibh a bheith ar scoil

5. Teacht ar scoil

5. Deireadh an lae scoile

5. Ag bailiú páistí i rith am scoile

6. Ag Athoscailt ar Lá 1 agus Lá 2

6. Pods

6. Déileáil le cás amhrasach de Covid-19

6. Tacaíocht do pháistí nach féidir leo freastal ar scoil

7. Éadaí scoile

7. Malaí Scoile agus Cótaí

7. Clúdach Aghaidhe

7. Trealamh pearsanta

7. Trealamh roinnte

8. Cód Iompar

8. Cumarsáid

8. Aladdin

8. Clós

8. Seomra na dtuistí

8. Seach Churaclaim agus rudaí tar éis am scoile

9. Ranganna agus leagan amach na scoile

10. Amchlár scoile

11. Leagan amach an leithreas agus Clós na scoile

11. Bealaí isteach agus amach as an scoil

12. Bealaí isteach agus amach as an scoil do gach rang

13. Cruinniú tuismitheoirí / múinteoirí

13 Tacaíocht Foghlamtha

13 Ceolchoirm na Nollaig

14. Cruinniú eolas tús na bliana

14. Stampaí Cyril Squirrel

14. Siúlóid oíche Shamhna
14. Lá scoile mar atá leagtha síos ag an Roinn agus amchlár ranga
15. Curaclam
15. Teicneolaíocht
15. Fearas Ealaíne
15. Fearas Mata
15. Ceartúcháin
15. Corpoideachais
16. Lámha a nithe
16. Maoirseacht
16. Cruinniú Foirne
16. Laethanta EPV
16. I gcás neamhláithreacht
17. Seomra Ranga a ghlanadh
17. Teachtaireachtaí
17. Leabharlann
17. Tionól
17. Tinreamh agus duaiseanna
18. Seomra foirne
18. Leagan amach an seomra
18. Leabhar teagmhála
18. Ball Foirne ag dul isteach sa scoil
19. Ag múineadh Covid do na bpáistí
19. PPE sa scoil
19. Seomra Fótachóipeála
19. Obair Bhaile
19. Fón Póca
20. Dualgas Foirne
21. Aguisín 1
22. Aguisín 2 (Seicliosta do na múinteoirí)

**Prionsabail Bhunúsacha:**

• Tá freagracht ar an scoil iarracht a dhéanamh sábháilteacht, sláinte agus folláine gach ball de phobal na scoile a chinntiú - páistí, tuismitheoirí agus baill foirne. Cuireadh an plean seo le chéile chun a chinntiú gur féidir leis an scoil an dualgas cúraim sin a chur i bhfeidhm.

• Má ghlactar leis go bhfuil sé ag teacht le comhairle agus treoirlínte sláinte poiblí atá eisithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, b'fhearr linn go bhfillfear ar scoil go lánaimsire. Cuireadh an plean seo le chéile chun an aidhm sin a bhaint amach.

• Ní féidir deireadh a chur le riosca ionfhabhtaithe. Mar sin féin, le comhoibriú gach ball de phobal na scoile, is féidir an riosca go dtabharfar an víreas isteach sa scoil a laghdú agus an riosca go scaipfear é a laghdú freisin.

• Chomh maith le comhoibriú, beidh solúbthacht agus dea-thoil gach duine ag teastáil chun a chinntiú gur féidir an plean a chur i bhfeidhm.

**Táimid ag glacadh leis na nithe seo leanas:**

- Fillfidh gach páiste ar scoil agus oibreoidh ranganna laistigh de chóras boilgeoig
- Beidh an scoil roinnte ina 3 ghrúpa agus beidh am tosaithe, am sosa, am lóin agus am críochnaithe difriúil ag gach grúpa.
- Glacfar dhá shos de 20 nóiméad gach lá in áit an sos 10 nóiméad agus 30 nóiméad.
- I ngach rang ó Rang 1 go Rang 6, roinnfear na páistí ina pods, agus coinneofar íosfhad 1 mhéadar idir pods
- Beidh sláintitheoir láimhe ar fáil ag gach pointe iontrála agus i ngach seomra ranga agus seomra tacaíochta
- Úsáidfear na seomraí is mó do na páistí is sine agus na ranganna is mó.

### Páistí nár chóir dóibh bheith ar scoil:

Má tá do páiste i gceann de na catagóirí seo a leanas, níor chóir dóibh freastal ar an scoil.

- Páistí a bhfuil diagnóis Covid-19 orthu.
- Páistí *a* bhí i dteagmháil le duine go bhfuil diagnóis Covid-19 orthu.
- Páistí a bhfuil amhras ann go bhfuil Covid-19 orthu agus iad ag fanacht ar thoradh na tástála.
- Páistí a bhí i dteagmháil le duine go bhfuil amhras Covid-19 orthu agus iad ag fanacht ar thoradh na tástála
- Páistí a bhfuil riachtanais sláinte acu agus go bhfuil comhairle faighte ón dochtúir gan freastal ar scoil.
- Páistí a d'fhill abhaile tar éis dóibh taisteal thar lear agus go gcaithfidh siad tréimhse leithlise a dhéanamh ar feadh 14 lá.
- Páistí atá tinn go ginearálta agus a bhfuil comhartha Covid-19 orthu.

### Teacht ar scoil:

• Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm go dtiocfadh na páistí ar scoil idir 08:45 – 09:15. Níl cead scuainne mór a dhéanamh lasmuigh den gheata. Rachaidh na ranganna thíos staighre isteach an doras in aice leis an halla agus úsáidfidh siad an sláintitheoir láimhe. Rachaidh na ranganna thuas staighre isteach an doras in aice le leithreas na gcailíní agus úsáidfidh siad an sláintitheoir láimhe.

• Iarrtar comhoibriú leis na hamanna seo mar ciallóidh sé go laghdófar na huimhreacha atá ag teacht le chéile ag aon am amháin.

• Iarrtar ar gach páiste dul díreach chuig an rang nuair a thagann siad isteach an doras cuí.

• Glacfar leis nach mbeidh aon duine fásta, seachas baill foirne, ag dul isteach san fhoirgneamh.

• Glacfar leis go seolfar teachtaireachtaí do mhúinteoirí trí ríomhphost, Classsdojo nó trí ghlaoch ar oifig na scoile.

### Deireadh an lae scoile:

▪ Iarrtar ar dhaoine fásta, atá ag bailiú a gcuid páistí ón scoil ag deireadh an lae, fanacht leo san áit a dtéann rang an pháiste amach, féach thíos.

Nuair a bheidh an lá scoile caite beidh na socruithe seo leanas i bhfeidhm -

- Naíonáin Bheaga/Mhóra (agus Rang 1go 11 Meán Fómhair) tabharfaidh an múinteoir ranga na páistí chuig a bpointe iontrála / imeachta ainmnithe agus scaoilfidh sé/sí na páistí chuig an duine fásta atá ag fanacht leo.

- Rang 2 - 6 (agus Rang 1 ón 14 Meán Fómhair) - ligfidh an múinteoir ranga do gach pod an seomra ranga a fhágáil a us siúlfaidh siad díreach go dtí an geata.

### Ag bailiú páistí i rith am scoile:

Má bhíonn ar dhuine fásta páiste a bhailiú le linn an lae scoile, beidh na socruithe seo leanas i bhfeidhm

• Nuair a shroicheann an duine fásta an scoil, iarrtar orthu glaoch ar an oifig nó an t-idirchum a úsáid ag doras tosaigh na scoile chun foláireamh a thabhairt don oifig go bhfuil siad tagtha

• Iarrtar orthu an páiste a shíniú amach: Beidh leabhar ag an doras.  Ní féidir leo teacht isteach sa scoil.

• Níor chóir d'aon duine fásta dul isteach i bhfoirgneamh na scoile gan cuireadh.

### Ag Athoscailt ar Lá 1 agus Lá 2

- Beidh Naíonáin Mhóra, Rang 3, Rang 4 agus Rang 6 amháin istigh ar an Déardaoin 27/08/2020.
- Beidh Rang 1, Rang 2 agus Rang 5 amháin istigh ar an Aoine 28/08/2020
- Beidh Naíonáin Bheaga istigh thar an dá lá agus plean ag Alison. (TBSP)
- Beidh gach páiste ar ais an 31/08/2020

### Boilbeog & Meithleach: (Bubbles & Pods)

Boilbeog a thugtar ar ghrúpa ranga a fhanann scartha ó ranganna eile an oiread agus is féidir. Meithleach a thugtar ar ghrúpaí ins na boilbeoga sin, agus moltar iad a bheith chomh beag agus is féidir.

Má roinntear rang ina meithleach beidh ar a laghad 1m idir gach ceann.

Beidh ceithre meithleach i ngach rang le huasmhéid 6 páistí i ngach ceann. Ní mheasctar iad ag am ar bith. Cuirfear seo i bhfeidhm do Rang 1 go Rang 6.

### Déileáil le cás amhrasach de Covid-19:

Níor chóir do dhaltaí freastal ar scoil má tá aon chomhartha de Covid-19 orthu.

Má thaispeánann dalta comharthaí Covid-19 agus iad san fhoirgneamh, seo leanas na nósanna imeachta a chuirfear i bhfeidhm:

- (Bunranganna) Téigh i dteagmháil le an bpríomhoide láithreach, tríd glaoch a chur ar an bhfón. Beidh a bhfios aicí teacht go dtí an Rang nuair a bhfeiceann sí an ainm ar an bhfón.
- (Ardranganna) Abair leis an páiste teacht leat agus a mála a thabhairt leo más féidir agus siúlfaidh sibh síos go dtí an limistéar ainmnithe ag coimeád 2m ó chéile más féidir. Cur an Rúnaí ar an eol agus cuirfidh sí an príomhoide ar an eol.
- Rachfar i dteagmháil láithreach le tuismitheoirí / caomhnóirí (Rúnaí)
- Beidh ball foirne in éineacht leis an bpáiste go dtí an limistéar ainmnithe.(Féach thuas)
- Fanfaidh an ball foirne 2 mhéadar ar a laghad ón bpáiste simtómach agus cinnteoidh siad freisin go gcoinníonn daoine eile achar 2 mhéadar ar a laghad ón bpáiste símtómach i gcónaí
- Ba chóir comhairle a thabhairt don pháiste a bhfuil comharthaí air / uirthi a bhéal agus a shrón a chlúdach leis an bhfíochán indiúscartha a chuirtear ar fáil nuair a bhíonn siad ag casacht nó ag sraothartach agus an fíochán a chur sa mhála bruscar a chuirtear ar fáil
- Má tá an páiste maith go leor le dul abhaile, caithfear é/í a bhailiú chomh luath agus is féidir, agus iarrtar ar an tuismitheoir teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir teaghlaigh ar an bhfón. Níor cheart iompar poiblí de chineál ar bith a úsáid
- Má tá siad ró-tinn le dul abhaile nó má theastaíonn comhairle, rachaidh an scoil i dteagmháil le 999 nó 112 agus cuirfear in iúl dóibh gur duine faoi amhras Covid-19 an páiste tinn.
- Déanfar socruithe chun an limistéar aonrúcháin agus na limistéir oibre atá i gceist a ghlanadh go cuí.
- Cuirfidh FSS aon bhall foirne / tuismitheoir a tháinig i ndlúth-thadhall le cás diagnóisithe ar an eolas tríd an bpróiseas rianaithe teagmhála. Rachaidh FSS i dteagmháil le gach duine ábhartha i gcás ina ndéantar diagnóis ar COVID-19. Ba chóir treoracha FSS a leanúint.
- Cuirfear siblíní abhaile freisin.

### Tacaíocht do pháiste nach féidir leo freastal ar scoil:

Mura bhfuil páiste in ann freastal ar scoil ar feadh tréimhse fada ama, beidh an múinteoir ranga (agus / nó an múinteoir tacaíochta foghlama, más cuí) ábalta gníomhaíochtaí chun tacú le foghlaim an pháiste sa bhaile a roinnt leis an tuismitheoir ar líne.

.

### Eadaí Scoile:

Iarrtar go mbeidh éadaí scoile a chaitheamh ag na páistí mar is gnáth. Seo í an chomhairle atá faighte ón Roinn Sláinte Poiblí.

Tá sé fíorthábhachtach nach  gcaitheann páistí éadaí scoile chuig siopaí nó le gníomhaíochtaí eile tar éis am scoile. Iarrtar na héadaí a athrú chomh luaithe is a théann siad abhaile. Is féidir na héadaí scoile a ghalú nó a ní de réir mar is mian le tuismitheoirí.

### Malaí Scoile & Cótaí:

Iarratar go mbeidh malá scoile ag na páistí mar is gnáth agus go mbeidh mála plaisteach istigh sa mála. Beidh na páistí ábalta a cóta a chur isteach sa mhála nuair nach bhfuil siad ag úsaid é. Beidh na fuinneoga oscailte sa seomra ranga chun aer úr a scaoileadh isteach.

### Clúdach Aghaidhe:

Má theastaíonn ó páiste clúdach aghaidhe a chaitheamh is féidir leo é sin a dhéanamh ach cinntiú go bhfuil an clúdach glan. Ní mholtar clúdach aghaidhe do pháistí faoi thrí bliana déag.

Mura féidir le ball foirne 2m a choimeád, caithfear clúdacha aghaidhe a chaitheamh.

Nuair atá ball foirne (CRS) ag dul ó rang go rang, caithfear clúdach aghaidhe a chaitheamh agus caithfear é a ghlanadh nó é a athrú tar éis dul isteach agus amach as rang nua.

### Trealamh Pearsanta:

- Iarrtar ar pháistí ó Rang 1 go 6 a gcuid pinn, pinn luaidhe, dathanna, scriosán, srl. a thabhairt chuig an scoil ina gcás peann luaidhe féin chun comhroinnt trealaimh a sheachaint.
- Iarrtar  go mbeidh ainm an pháiste ar gach earra chun go n-aithneofar iad go héasca.
- Maidir le páistí i Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha, cuirfidh an scoil pouch nó coimeádán ar fáil do phinn luaidhe, criáin, srl. gach páiste, a mbeidh a n-ainm lipéadaithe orthu.
- Ba chóir do gach páiste tuáille láimhe a thabhairt ar scoil chun lámha a thriomú tar éis iad a níochán agus freisn ba cheart go mbeidh a ngalúnach féin acu.

### Trealamh Roinnte:

De réir riachtanas, is gá roinnt trealaimh seomra ranga a roinnt ó am go chéile ar nós Ipad’s, ríomhairí glúine agus an trealamh a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí struchtúrtha agus súgartha i seomraí ranga na Naíonán. Glanfar an trealamh roinnte sin le wipes nó táirgí glantacháin eile go rialta chun an riosca go scaipfidh an t-ionfhabhtú a laghdú.

### Cód Iompar:

- Tá athrú ar na ticéid Ghaeilge, Iompar agus In Am. Beifear ag úsáid ClassDojo dóibh seo i mbliana.
- Níl muid ag tabhairt amach Cárta Bán 1, Cárta Bán 2, Cárta Buí, Cárta Clóis nó Cárta Béarla i mbliana go fisciuil. Curfidh an múinteoir ranga é seo amach trí r-phost ar Aladdin chuig na tuismitheoirí.
- De réir 8.1 i gCód Iompair na Scoile Léireodh na daltaí meas orthu féin, ar a gcomhscoláirí, ar na múinteoirí agus éinne a thagann ar cuairt chun na scoile. Cuirfear le seo go leanfar rialachacha Covid 19.
- Cuirfear le 12.4: Caithfear fanacht sna Pods ina mbíonn sibh sa rang agus scaradh sóisialta a choimeád sna línte ag dul isteach agus amach ar an gclós.
- Nóta: Is féidir leis an phríomhoide céim a scipeail má cheapainn sí/sé go bhfuil an eachtra tromchúiseach agus is féidir leis an mbord bainistíochta tosú le haon cheann de chéimeanna 1 – 6, maraon leis na céimeanna eatramhacha, ag brath ar chomh tromchúiseach is atá an drochiompar. (Béim a chur ar Covid19 mar éachta tromchúiseach)
- An Seomra Machnaimh Dúnta do Téarma 1
- Ní chuirfear páistí go seomraí eile ar aon fáth.

### Cumarsáid:

- Beidh muid ag úsáid Class Dojo ó thaobh cumarsáide agus moltar é a úsáid idir 08:00 – 17:00 amháin (Luan – Aoine) Beidh ar a laghad 24 uair a chloig ag múinteoirí chun freagraí a sheoladh ar ais.
- Caithfear bulaíocht, iompar agus riachtanais speisialta a phlé ar an bhfón.
- Is féidir leis na múinteoirí ranga glaonna a chur óna fón féin ach é a chur ar príobháideach. Moltar gan teachtaireacht a fhágáil mar beidh d' uimhir acu ansin.

### Aladdin:

Úsáidfear Aladdin chun taifead a dhéanamh má tá an páiste tinn. Ní sheolfaidh aon tuismitheoir aon nóta isteach ach cuirfidh siad an t-eolas ar Aladdin ar an lá tar éis 10:00 nuair atá an rolla déanta ag an múinteoir ranga.

### Clós:

Beidh an clós ina pods. Mar shampla beidh an dá Naíonáin Bheaga ar an gclós ag an am céanna ach ní bheidh siad ag meascadh le chéile. Beidh an clós briste suas i 20nóim agus 20nóim agus beidh múinteoir Naíonáin Bheaga A ar an gclós ar feadh am lóin beag agus múinteoir Naíonáin Bheaga B ar an gclós ar feadh am lóin mór. Beidh CRS srl ar an gclós freisin. Déan cinnte go mbíonn cóta báistí ag do pháiste gach lá.

### Seomra na dtúisí:

Beidh seomra na dtuistí in úsáid ag an scoil agus dúnta do thuismitheoirí.

### Seach Churaclaim agus rudaí tar éis am scoile:

Scrúdófar an fhéidearthacht gníomhaíochtaí a dhéanamh tar éis am scoile. Mar sin féin, ní mholfaí go nglacfadh páistí ó bhoilgeoga (pods) éagsúla páirt i ngníomhaíochtaí ag an am céanna. Fágfaidh na hamanna críochnaithe fadhbanna le sceidealú gníomhaíochtaí iarscoile. Tabharfar sonraí sa  bhreis i mí Mheán Fómhair.

Níl aon snámh i dtéarma 1.

## Ranganna agus Leagan amach na scoile:

**Thuas Staighre:**

| **Seomra 8** | **Seomra 9** | **Seomra 10** | **Seomra 11** | **Seomra 12** | **Seomra 13** | **Seomra 14** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Rang a 6A | Rang a 6B | Rang a 2B | Rang a 4A | Rang a 2A | Rang a 4B | Rang a 1B |
| M. Bobby | M. Séamus | M. Conor | M. Áine | M. Aoife | M. Naoise | M. Ailbhe |
| | **(Ciara)** | **(Debbie)** | **(Brian)** | **(Antoinette)** | **(Brian)** | |

**Thíos Staighre:**

| **Seomra 1** | **Seomra 2** | **Seomra 3** | **Seomra 4** | **Seomra 5** | **Seomra 6** | **Seomra 7** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| N. Bheaga A | Rang a 3A | N. Bheaga B | Rang a 3B | N. Mhóra A | Rang a 1A | N. Mhóra B |
| M. Deirdre | M. Kelsey | M. Ruaidhrí | M. Eoin | M. Breandán | M. Conor Ó | M. Adele |
| | | | | **(Graham)** | **(Debbie)** | **(Graham)** |

**Tigín** **TF**

| **Seomra A** | **Seomra B** | **Seomra 15** | **Seomra 16** | **Leabharlann A** | **Leabharlann B** | **Seomra na dtuistí:** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Rang a 5A | Rang a 5B | TF R1 & R3 | TF R1 & R4 | TF N. Mhóra & R2 | TF R5 & R6 | T Breise. |
| M. Niamh | M. Tiarnach | M. Richard | M. Vanessa & M. Aodhán | M. Aindí | M. Kate | Honor, Senan & Alison |
| | **(Ciara)** | | | | | |

**Amchlár Scoile:**

| Amchlár Naíonáin Bheaga ** Lá fada, Beidh sceideal le déanamh amach don lá gearr. | Amchlár Naíonáin Mhóra Seomra 5 & 7 | Amchlár Rang 1 Seomra 6 & 14 | Amchlár Rang 2 Seomra 10 & 12 |
|---|---|---|---|
| **08:45 – 09:15** Páistí ag dul isteach ar scoil ag úsáid an doras in aice na bpáirce. | **08:45 – 09:15** Páistí ag dul isteach ar scoil agus díreach go dtí an seomra ranga ag úsáid an doras in aice leis an halla. | **08:45 – 09:15** Páistí ag dul isteach ar scoil agus díreach go dtí an seomra ranga ag úsáid an doras in aice leis an halla do Seomra 6 agus Seomra ar an gclós in aice le leithreas na gcailíní do Seomra 14. | **08:45 – 09:15** Páistí ag dul isteach ar scoil agus díreach go dtí an seomra ranga ag úsáid an doras ar an gclós in aice le leithreas na gcailíní |
| **09:15** Tús leis an lá Scoile | **09:15** Tús leis an lá Scoile | **09:15** Tús leis an lá Scoile | **09:15** Tús leis an lá Scoile |
| **09:20** Leithreas Thíos | **10:00** Leithreas Thíos | **09:40** Leithreas Thíos/Thuas | **10:00** Leithreas Thuas |
| **10:20** SOS ag úsáid an clós Beag ag úsáid an doras in aice le leithreas na mbuachaillí | **10:50** SOS ag úsáid an clós beag ag úsáid an doras in aice le leithreas na mbuachaillí | **10:20 SOS** ag úsáid clós sa lár ag úsáid an doras in aice le leithreas na mbuachaillí | **10:20 SOS** ag úsáid clós na hardranganna ag úsáid an doras in aice le leithreas na gcailíní. |
| **10:40** Ar ais sna ranganna | **11:10** Ar ais sna ranganna | **10:40** Ar ais sna ranganna | **10:40** Ar ais sna ranganna |
| **11:00** Leithreas Thíos | **12:00** Leithreas Thíos | **11:20** Leithreas Thíos/Thuas | **11:40** Leithreas Thuas |
| **12:00** SOS ag úsáid an clós beag | **12:40** SOS ag úsáid an clós beag | **12:00** SOS ag úsáid clós na sa lár | **12:00** SOS ag úsáid clós na hardranganna |
| **12:20** Ar ais sna ranganna | **13:00** Ar ais sna ranganna | **12:20** Ar ais sna ranganna | **12:20** Ar ais sna ranganna |
| **12:40** Leithreas Thíos más gá | **13:20** Leithreas Thíos más gá | **13:40** Leithreas Thíos/Thuas | **13:00** Leithreas Thuas |
| **13:30** Páistí ag dul abhaile ag úsáid an doras atá ag dul amach ar an bpáirc (Rang Deirdre @ 13:20 agus (Rang Ruaidhrí ag 13:30) | **13:30** Páistí ag dul abhaile lasmuigh den halla. (Rang Breandán ag 13:20 agus (Rang Adele ag 13:30) | **14:10** Páistí ag dul abhaile de réir aibítear. Grúpa A ón halla 14:20 Grúpa B 14:30 Grúpa C | **14:10** Páistí ag dul abhaile de réir aibítear. Grúpa A ón seomra ranga. Ag dul amach an doras ar an bpáirc. 14:20 Grúpa B 14:30 Grúpa C |
| | | | |
| **Amchlár Rang 3 Seomra 2 & 4** | **Amchlár Rang 4 Seomra 11 & 13** | **Amchlár Rang 5 Tigín** | **Amchlár Rang 6 Seomra 8 & 9** |
| **08:45 – 09:15** Páistí ag dul isteach ar scoil agus díreach go dtí an seomra ranga ag úsáid an doras in aice leis an halla. | **08:45 – 09:15** Páistí ag dul isteach ar scoil agus díreach go dtí an seomra ranga ag úsáid an doras ar an gclós ar cúl in aice le leithreas na gcailíní. | **08:45 – 09:15** Páistí ag dul isteach ar scoil agus díreach go dtí an Tigín. | **08:45 – 09:15** Páistí ag dul isteach ar scoil agus díreach go dtí an seomra ranga ag úsáid an doras ar an gclós ar cúl in aice le leithreas na gcailíní. |
| **09:15** Tús leis an lá Scoile | **09:15** Tús leis an lá Scoile | **09:15** Tús leis an lá Scoile | **09:15** Tús leis an lá Scoile |
| **10:40** Leithreas Thíos | **10:20** Leithreas Thuas | Aon uair | **11:00** Leithreas Thuas |
| **11:20** SOS ag úsáid clós sa lár ag úsáid an doras trasna ó leithreas na mbuachaillí. | **10:50 SOS** ag úsáid clós na hardranganna ag úsáid an doras in aice le leithreas na gcailíní. | **10:50** SOS ag úsáid clós sa lár ag úsáid doras an tigín. | **11:20** SOS ag úsáid clós na hardranganna ag úsáid an doras trasna ó leithreas na gcailíní. |
| **11:40** Ar ais sna ranganna | **11:10** Ar ais sna ranganna | **11:10** Ar ais sna ranganna | **11:40** Ar ais sna ranganna |
| **12:20** Leithreas Thíos | **12:20** Leithreas Thuas | Aon Uair | **12:40** Leithreas Thuas |
| **13:10** SOS ag úsáid clós sa lár. | **12:40** SOS ag úsáid clós na hardranganna | **12:40** SOS ag úsáid clós sa lár. | **13:10** SOS ag úsáid clós na hardranganna |
| **13:30** Ar ais sna ranganna | **13:00** Ar ais sna ranganna | **13:00** Ar ais sna ranganna | **13:30** Ar ais sna ranganna |
| **14:00** Leithreas Thíos | **14:00** Leithreas Thuas | Aon Uair | **14:20** Leithreas Thuas |
| **14:10** Páistí ag dul abhaile de réir aibítear. Grúpa A ón seomra ranga. Ag dul amach an doras atá ag dul go dtí an bpáirc. 14:20 Grúpa B | **14:10** Páistí ag dul abhaile de réir aibítear. Grúpa A ón seomra ranga. Ag dul amach an doras in aice le leithreas na gcailíní. | **14:10** Páistí ag dul abhaile de réir aibítear. Grúpa A ón seomra ranga. Ag dul amach an doras an Tigín 14:20 Grúpa B | **14:10** Páistí ag dul abhaile de réir aibítear. Grúpa A ón seomra ranga. Ag dul amach an doras in aice le leithreas na gcailíní. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 14:30 Grúpa C | 14:20 Grúpa B<br>14:30 Grúpa C | 14:30 Grúpa C | 14:20 Grúpa B<br>14:30 Grúpa C |

**Leagan Amach Leithreas agus Clós:**

| AM: | Leithreas Thíos Staighre | Leithreas Thuas Staighre | Ar an gclós (Beag) | Ar an gclós (sa lár) | Ar an gclós (Mór) |
|---|---|---|---|---|---|
| 09:00 | | | | | |
| 09:10 | | | | | |
| 09:20 | N. Bheaga | | | | |
| 09:30 | | | | | |
| 09:40 | Rang a 1 | Rang a 1 | | | |
| 09:50 | | | | | |
| 10:00 | N. Mhóra | Rang a 2 | | | |
| 10:10 | | | | | |
| 10:20 | Glanadh Dúnta | Rang a 4 | N. Bheaga | Rang a 1 | Rang a 2 |
| 10:30 | | | N. Bheaga | Rang a 1 | Rang a 2 |
| 10:40 | Rang a 3 | Glanadh Dúnta | | | |
| 10:50 | | | N. Mhóra | Rang a 5 | Rang a 4 |
| 11:00 | N. Bheaga | Rang a 6 | N. Mhóra | Rang a 5 | Rang a 4 |
| 11:10 | | | | | |
| 11:20 | Rang a 1 | Rang a 1 | Rang a 3 | | Rang a 6 |
| 11:30 | | | Rang a 3 | | Rang a 6 |
| 11:40 | Glanadh Dúnta | Rang a 2 | | | |
| 11:50 | | | | | |
| 12:00 | N. Mhóra | Glanadh Dúnta | N. Bheaga | Rang a 1 | Rang a 2 |
| 12:10 | | | N. Bheaga | Rang a 1 | Rang a 2 |
| 12:20 | Rang a 3 | Rang a 4 | | | |
| 12:30 | | | | | |
| 12:40 | N. Bheaga | Rang a 6 | N. Mhóra | Rang a 5 | Rang a 4 |
| 12:50 | | | N. Mhóra | Rang a 5 | Rang a 4 |
| 13:00 | Glanadh Dúnta | Rang a 2 | | | |
| 13:10 | | | Rang a 3 | | Rang a 6 |
| 13:20 | N. Mhóra | Glanadh Dúnta | Rang a 3 | | Rang a 6 |
| 13:30 | | | | | |
| 13:40 | Rang a 1 | Rang a 1 | | | |
| 13:50 | | | | | |
| 14:00 | Rang a 3 | Rang a 4 | | | |
| 14:10 | | | | | |
| 14:20 | | Rang a 6 | | | |

**Nóta:** Ní féidir aon pháiste a ligeann isteach chun dul ag an leithreas nuair atá siad ar an gclós mar gheall go mbeidh ranganna eile ag úsáid é. I gcás práinne agus má tá ar páiste dul ag an leithreas, is féidir iad a scaoileadh le páiste eile ón Pod ach rachaidh siad síos go dtí an ceann foirne. Téann siad ag an leithreas sna Pods. Ní féidir Pods a mheasctha ag am leithreas.

**Bealaí isteach agus amach as an scoil**

| Bealaí isteach agus amach as an scoil | Uimhir |
|---|---|
| Príomhdhoras na Scoile | 1 |
| Doras an Halla | 2 |
| Doras don Tigín | 3 |
| An Doras in aice le leithreas na gcailíní thíos staighre | 4 |
| An Doras trasna ón seomra foirne | 5 |
| An Doras in aice le leithreas na mbuachaillí thíos staighre | 6 |
| An Doras trasna ón Oifig | 7 |

**Bealaí isteach agus amach as an scoil do gach rang:**

| Rang: | Ar Maidin: | Clós: | Am dul abhaile: |
|---|---|---|---|
| N. Bheaga A | (7) Doras na páirce agus isteach sa gheata ar an bpáirc | (6) Leithreas na mbuachaillí | (7) Doras na páirce agus amach as an ngeata ar an bpáirc |
| N. Bheaga B | (7) Doras na páirce agus isteach sa gheata ar an bpáirc | (6) Leithreas na mbuachaillí | (7) Doras na páirce agus amach as an ngeata ar an bpáirc |
| N. Mhóra A | (2) Doras an Halla | (6) Leithreas na mbuachaillí | (2) Doras an Halla |
| N. Mhóra B | (2) Doras an Halla | (6) Leithreas na mbuachaillí | (2) Doras an Halla |
| Rang a 1A | (2) Doras an Halla | (6) Leithreas na mbuachaillí | (2) Doras an Halla |
| Rang a 1B | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (6) Leithreas na mbuachaillí | (2) Doras an Halla |
| Rang a 2A | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (7) Doras na páirce agus amach as an ngeata ar an bpáirc |
| Rang a 2B | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (7) Doras na páirce agus amach as an ngeata ar an bpáirc |
| Rang a 3A | (2) Doras an Halla | (6) Leithreas na mbuachaillí | (7) Doras na páirce agus amach as an ngeata ar an bpáirc |
| Rang a 3B | (2) Doras an Halla | (6) Leithreas na mbuachaillí | (7) Doras na páirce agus amach as an ngeata ar an bpáirc |
| Rang a 4A | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní |
| Rang a 4B | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní |
| Rang a 5A | (3) Doras don Tigín | (3) Doras don Tigín | (3) Doras don Tigín |
| Rang a 5B | (3) Doras don Tigín | (3) Doras don Tigín | (3) Doras don Tigín |
| Rang a 6A | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní |
| Rang a 6B | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní | (4) Doras in aice le leithreas na gcailíní |

**Nóta:** Bíonn tusa ar an líne ar an gclós. Má tá fadhb le páiste, cabhrú le/lei ach úsáid an sanitizer i do Bum bag tar éis. Na cur aon pháiste isteach sa scoil ach amháin i gcás práinne (Ag cur fola nó Bump ar an gceann)

### Cruinniú Tuismitheoirí/Múinteoirí:

Úsáidfear Aladdin Connect chun am a chur san áireamh agus déanfar é seo tríd glaoch a chur ar an tuismitheoir ag an am atá roghnaithe. Beidh na múinteoirí ábalta a seomraí ranga féin a úsáid chun an glaoch a chur. Is féidir iad seo a dhéanamh mar is gnáth i mí na Samhna.

Má tá tuismitheoir ag iarraidh labhairt le múinteoir ranga, is féidir é seo a dhéanamh ach teagmháil a dhéanamh leis an oifig nó leis an múinteoir ar Classdojo agus tiocfaidh an múinteoir ar ais ag an tuismitheoir taobh istigh de lá nó dhó ag bráth ar chúrsaí.

### Tacaíocht Foghlamtha:

Beidh muid ag leanúint ar aghaidh le Tacaíocht Foghlamtha agus béim i dtéarma 1 ar pháistí a thógáil amach sna pods ina bhfuil siad sna ranganna.

- Beidh aon pháiste a bhíonn amuigh i TF sa Pod céanna sa seomra ranga
- Beidh na boird agus na cathaoireacha sa seomraí TF glanta tar éis gach grúpa.
- Má tá an ghrúpa ag léamh leabhar, cuirfear é ar leath taobh ar feadh seachtain roimh é a thabhairt don chéad pháiste eile.

### Ceolchoirm na Nollaig: (Dréacht)

Déanfar ceolchoirm na Nollaig ar líne ar Zoom. Beidh am faoi leith ag gach rang chun dul beo agus cúpla amhrán Nollaig a chanadh. Déanfar é seo ón halla ach ag cóiméad na páistí sna Pods agus leis á rang féin. Dréacht don amchlár ceangailte leis seo.

| Dáta: | Rang: | Am: |
|---|---|---|
| 15/12/2020 | N. Bheaga A | 10:00 |
| 15/12/2020 | N. Bheaga B | 11:00 |
| 15/12/2020 | N. Mhóra A | 12:00 |
| 15/12/2020 | Rang a 1A | 13:00 |
| 16/12/2020 | N. Mhóra B | 10:00 |
| 16/12/2020 | Rang a 1B | 11:00 |
| 16/12/2020 | Rang a 2A | 12:00 |
| 16/12/2020 | Rang a 2B | 13:00 |
| 17/12/2020 | Rang a 3A | 10:00 |
| 17/12/2020 | Rang a 3B | 11:00 |
| 17/12/2020 | Rang a 4A | 12:00 |
| 17/12/2020 | Rang a 4B | 13:00 |
| 18/12/2020 | Rang a 5A | 10:00 |
| 18/12/2020 | Rang a 5B | 11:00 |
| 18/12/2020 | Rang a 6A | 12:00 |

| | | |
|---|---|---|
| 18/12/2020 | Rang a 6B | 13:00 |

**Cruinniú Eolas Tús na Bliana: (Dréacht)**

Déanfar iad seo ag úsáid Zoom i mbliana. Déanfar iad ag _____ go ______ ar an lá. Beidh PowerPoint le fáil faoi seo. Déanfar iad mar seo

| | | | |
|---|---|---|---|
| N. Bheaga | 07/09/2020 | N. Mhóra | 08/09/2020 |
| Rang a 1 | 09/09/2020 | Rang a 2 | 10/09/2020 |
| Rang a 3 | 14/09/2020 | Rang a 4 | 15/09/2020 |
| Rang a 5 | 16/09/2020 | Rang a 6 | 17/09/2020 |

**Stampaí Cyril Squirrel:**

Beidh stampaí Cyril ar ceal i mbliana.

**Siúlóid Oíche Shamhna:**

Beifear ábalta siúlóid Oíche Shamhna a eagrú ach síntiús a fháil ar líne in áit na cártaí a úsáid. Is féidir rud éigin cosúil le https://raffall.com/host-raffle a úsáid. Beidh Rang a 2 go Rang a 6 amháin ábalta an siúlóid a dhéanamh ach ag fanacht lena rang féin agus sna Pods. Is féidir le gach duine gléasadh suas. Níl cead Props a thabhairt isteach.

**Lá Scoile mar atá leagtha síos ag an Roinn agus amchlár Ranga:**

***Ciorclán 0056/2011**

**Lá Iomlán**

| | **Roimhe Seo (uair)** | **Roimhe Seo (nóim)** | **Téarma 1 2020** | **Téarma 1 2020** | **Cúis** |
|---|---|---|---|---|---|
| Teanga 1 (Gaeilge) | 5 | 00 | 5 | 20 | Béim ar seo sna treoirlínte. |
| Teanga 2 (Béarla) | 3 | 30 | 3 | 50 | Béim ar seo sna treoirlínte. |
| Mata | 4 | 10 | 4 | 30 | Béim ar seo sna treoirlínte. |
| OSIE | 3 | 00 | 1 | 30 | Comhtháthú a dhéanamh idir na hábhair seo. |
| OSPS | 0 | 30 | 0 | 50 | Béim ar seo sna treoirlínte. |
| Corpoideachais | 1 | 00 | 1 | 00 | |
| Ealaíon | 3 | 00 | 2 | 00 | |
| Am Discréideach | 1 | 00 | 0 | 30 | Am Órga |
| Reiligiún | 2 | 00 | 1 | 00 | Gá le am nuair atá páistí ag dul abhaile. |
| Tionól | 1 | 00 | 2 | 30 | Páistí ag teacht ar scoil ar maidin. |
| Rolla | 0 | 50 | 0 | 0 | Déan é seo agus páistí ag obair. |
| Briseadh | 0 | 50 | 1 | 40 | 20nóim ag lón beag. |
| SOS | 2 | 30 | 1 | 40 | 20nóim ag an lón mór. |
| Iomlán: | 28 | 20 | 28 | 20 | |

- Cuirfear tús le fáilte a chur rompu ag 08:45 agus níl an rang deireadh ag dul abhaile go dtí 14:30. Mar sin tá lá iomlán a dhéanamh againn. (5uair agus 45nóiméad)

- Is féidir le páistí léamh, cluiche mata srl a dhéanamh ar maidin agus tráthnóna nuair atá páistí ag teacht isteach agus ag dul abhaile ón scoil.

**Curaclam:**

- Cuirfear béim ollmhór ar an nGaeilge nuair a thagann na páistí ar ais. Déanfar Tumoideachais i ngach rang i mí Meán Fómhair agus ní bheidh aon Bhéarla sna ranganna go dtí Deireadh Fómhair. (R1 – R6) Leanfadh N. Bheaga ar aghaidh mar is gnáth ag déanamh Gaeilge don bhliain ar fad. Déanfar Béarla le Naíonáin Mhóra i dtéarma 3.
- Cuirfear béim ar an teanga, matamaitic, OSPS/Folláin na bpáistí agus Corpoideachas i dtéarma 1. (Sampla do amchlár ceangailte thuas)
- Cuirfear béim ar dul siar a dhéanamh ar churaclam anuraidh.
- Níl aon scrúdú caighdeánach go dtí Bealtaine 2021.

**Teicneolaíocht:**

Táimid ag iarraidh béim ollmhór a chur ar teicneolaíocht nuair a thosaíonn an scoil. Béim le cur ar obair a fháil ar ais ag úsáid ClassDojo. Tabhair tascanna dóibh le déanamh sa bhaile le cur suas. Lean suas aon thuismitheoirí atá deacrachtaí acu.
Déan glaoch Zoom leis an rang eile, Conas a mbíonn muid ar Zoom (Ná bí ag bogadh, fan in aice leis an ríomhaire, bí ag éisteacht srl)
Úsáid na Ipads go laethúil nó ar a laghad cúpla uair sa seachtain.
Más féidir den suirbhé beag sa rang ó thaobh céard atá sa bhaile ó thaobh I pad's, Ríomhairí srl agus déan liosta dóibh seo.

**Fearas Ealáine:**

Deanfar Ealáin i ngach Rang A ar an Luan/Máirt agus i ngach Rang B ar an Déardaoin/Aoine. (Mar shampla, Beidh Rang a 1A ag déanamh é ar an Luan agus Rang a 1B ar an Déardaoin) Déan cinnte gach rud a chur ar ais ar an lá sin agus gach rud glanta.

**Fearas Mata:**

Is féidir Fearas Mata a thogáil amach ach caithfear é a ghlanadh ag deireadh an lae agus é a fhágail ar leaththaobh ar feadh 3 lá roimh é a chur ar ais.

**Ceartúcháin:**

Deanfar ceartúcháin ach coinfear na leabhair sna pods. Beidh an Ceartúchán a dhéanamh ag deireadh an lae agus usáidfear santiser tar éis Pod a cheartú. Ná tóg na leabhair abhaile. Cur béim ar féincheartú más féidir le linn na ranga.

**Corpoideachais:**
Nuair is féidir, ba chóir corpoideachas a dhéanamh lasmuigh agus ba cheart an trealamh atá ag an rang a úsáid. Má tá an halla Corpoideachais á úsáid ag grúpaí ranga, ba chóir pointí tadhaill coitianta a ghlanadh go minic i rith an lá scoile.

### Lámha a nithe:

Caithfear na lámha a dhíghalarú ag na hamanta seo:

- Ag teacht isteach ar Scoil (Ag an Príomh Doras)
- Roimh ithe nó ól. (Sa Rang)
- Tar éis an leithreas a úsáid (Leithreas)
- Tar éis spraoi a dhéanamh lasmuigh (Sa Rang)
- Nuair atá lámha salach (Sa Rang)
- Nuair a dhéanann siad casacht nó sraothartach (An áit a mbíonn siad agus gan lámha a leagan ar aon rud)

### Maoirseacht:

- Beidh na múinteoirí sna seomraí ranga ó 8:40 mar ní féidir an seomra foirne a úsáid le chéile.
- Beidh na múinteoirí ag déanamh 20nóim ar an gclós gach lá. Beidh múinteoir Rang A ag déanamh an SOS beag agus múinteoir Rang B ag déanamh SOS mór.
- Beidh na múinteoirí TF/TBSP ag tógáil slot amháin 20nóim chun sos a thógáil agus ag obair le páistí sa slot eile.
- Beidh na CRS ar an gclós lena Rang féin.
- Beidh príomhoide Leah agus múinteoir Kate & Múinteoir Alison ar an doras in aice leis an halla ar maidin.
- Beidh príomhoide Tánaisteach múinteoir Richard agus múinteoir Vanessa ar an doras ar cúl ar maidin.
- Beidh Aindí ar doras leis na Naíonáin
- Beidh múinteoir Aodhán mar ionadaí don ceathrar thuas má tá ceann acu A/L.

### Cruinniú Foirne:

Beidh Cruinniú Foirne sa halla ar an 26/08/2020. Beidh sé déanta le scaradh sóisialta i bhfeidhm.

Úsáidfear Zoom chun Cruinniú Uaireanta Páirc an Chrócaigh a dhéanamh más gá. Beidh siad seo tar éis am scoile ón ____ go _____

### Laethanta EPV:

Ní féidir ach le múinteoir amháin cur isteach ar lá EPV. Ní scaoilfear ach leis an múinteoir a rinne an t-iarratas ar dtús. Caithfear cinntiú freisin go bhfuil ionadaí ar fáil. (Nóta ón Roinn) Cuireann tú isteach orthu seo ar Aladdin.

### I gcás neamhláithreacht:

Má tá ball foirne tinn, caithfear an príomhoide a chur ar an eolas tríd glaoch idir 07:30 – 08:00 an mhaidin sin nó an tráthnóna roimhe más cuí. Mura bhfuil an príomhoide ar fáil, nó gan freagra a thabhairt, caithfear glaoch ar an príomhoide Tánaisteach. Ní leor téacs a sheoladh, caithfear labhairt le duine.

### Seomra Ranga & Glanadh:

Caithfear na rudaí seo a leanas a nith ar a laghad trí uair i rith an lae lasitigh den seomra ranga/Seomraí TF

- Boird ar fad
- Doirteal
- Lasc Solas
- Doras agus lámh an doras

Ag deireadh an lae, Ná bíodh aon rud ar na boird agus curfear na cathaoireacha faoin mbord agus caithfear an urlár a bheidh glanta freisin agus gan aon bhruscar ar an t-urlár.

### Teachtaireachtaí:

Níl cead ag páistí siúl timpeall na scoile ag aon am ach nuair tá siad ag dul isteach/amach ón scoil, ag dul ag an am leithreas atá leagtha amach thuas nó ag dul isteach/amach ón gclós.

Ní cead aon pháiste a sheoladh chuig aon rang eile nó chuig an oifig chun teachaireacht a thabhairt nó rud éigín a fháil.

I gcás práinne, cur glaoch ar an bpríomhoide,

### Leabharlann:

Níl aon leabharlann Ranga sa rang i dtéarma 1. Is féidir dul agus leabhar a fháil don rang ach caithfear iad a fhágáil ar trí lá gan iad a úsáid roimh a chuireann tú ar ais iad.

### Tionól:

Beidh Tionól maidin Dé hAoine ag na hardranganna ag 09:30 ar Zoom. Cuirfear tús leo seo ón Seachtain 14/09 ar aghaidh.
Beidh Tionól maidin Dé hAoine ag na bunranganna ag 09:50 ar Zoom. Cuirfear tús leo seo ón Seachtain 14/09 ar aghaidh.
Rachaidh an Teastas amach mar R-Phost. Beidh an múinteoir ranga freagrach as é seo a chur amach ar an Aoine.


### Tinreamh & Duaiseanna:

Níl aon duaiseanna tinreamh i mbliana. Úsáidfear Classdojo in áit na ticéad glas agus buí. Tabharfar pointe ar dojo don pháiste má labhraíonn siad Gaeilge lena chéile sa rang nó ar an gclós agus má tá an iompar go maith. Níl muid chun na pointí seo a bhaint. Beidh duais gach seachtain don pháiste is airde ó thaobh na pointí ag an Tionól. Roghnaigh an 4 – 6 pháiste is airde agus beidh ceann le roghnú go digiteach ag úsáid an nasc seo https://wheelofnames.com/ Tosófar as nua arís gach seachtain.

### Seomra Foirne:

Caithfear do rudaí féin a chur isteach sa mias niteoir agus ní féidir aon rud a fhágáil a bhaineann leat nó a d'úsáid tú ar an mbord nó ar an gcuntar. Caithfear do lámha a nigh/Sanitiser roimh teacht isteach sa seomra foirne agus roimh aon uirlis a úsáid. Beidh scaradh sóisialta déanta sa seomra foirne agus caithfear 2m a choimeád ó chéile. Ní féidir ach le cúigear a bheidh istigh sa seomra foirne ag aon am agus ceathrar sa ceann Seomra na dtuistí agus duine amháin sa ceann thuas staighre. Glan an áit a bhí tú i do shúigh agus bain úsáid ag cupán taisteal más féidir agus tabhair leat do rudaí féin ar scoil agus tabhair abhaile leat freisin iad.

### Leagan Amach an Seomra:




- Ar a laghad 1m idir gach Pod
- Ar a laghad 1.5m idir Páistí agus an múinteoir Ranga.

### Leabhar Teagmhála:

Beidh leabhar síniú isteach ag an bpríomh doras. Caithfear ainm, dáta, comhlacht agus uimhir guthán a scríobh. Beidh leabhar síniú isteach le síniú ag na múinteoirí gach lá. Caithfidh siad a peann féin a úsáid. Beidh na Pods déanta mar grúpaí ag an múinteoir ranga ar Aladdin. Beidh siad ainmnithe mar Rang 1B_PodA srl. Páistí a théann amach ag TF, beidh na grúpaí sin ar Aladdin agus ainmnithe mar TF Rang 1B_Pod1B agus san eolas, beidh na laethanta a théann siad amach scríofa.

### Ball Foirne ag dul isteach sa scoil:

Caithfear do lámha a nithe nó sanitizer a úsáid nuair a thagann tú isteach ar scoil. Caithfear nó lámha a nithe/Sanitizer a úsáid go rialta sa seomra ranga agus aon uair a bhogann tú as an rang. Féach ar an treoir don seomra foirne agus seomra fótachóipeála freisin.

### Ag Múineadh Covid 19 do na páistí: (PowerPoint)

- Ar feadh an chéad choicís ó 09:30 – 09:45, múinfear na rialacha nua atá againn sa scoil faoi Covid19. Déanfar é seo ar bealaí difriúil ag leibhéal an rang. Na spriocanna leis na ceachtanna seo ná.
  - Tuiscint ar na bealaí isteach/Amach
  - Céard iad na Siomtóim do Covid 19
  - Am Leithreas an Rang
  - Am Lón an Rang
  - Ag nithe do lámha i gceart
  - Céard a dhéanfá tú má dhéanann tú casacht agus snoífear.
  - Bealaí aon treo sa scoil srl
  - Na Pods agus gan lámh a leagan ar aon pháiste nó ball foirne eile.
  - An tábhacht le spás pearsanta.

### PPE atá ag an scoil:

Tá na rudaí seo a leanas ar fáil do na ball foirne

- Dhá mhasc gur féidir a úsáid arís
- Mascanna aon uaire
- Leictreonteochta (Thermometer)
- Lámhainní aon uaire
- Naprún aon uaire
- Scáthlán (Visor)
- Sanitizer
- Anti-bacterial Wipes
- Anti-bacterial Spray

### Seomra Fótachóipeála:

Má tá sibh ag úsáid an seomra fótachóipeála, caithfear é seo a leanas a leanúint.

- Sanitiser a chur ar do lámha roimh dul isteach sa seomra fótachóipeála.
- Sanitiser a chur ar do lámha tar éis an seomra fótachóipeála.
- Ní féidir ach an fótachóip a úsáid roimh 8:45 agus tar éis 13:30 do na Naíonáin agus tar éis 14:30 do R1 go R6. Níl cead aon pháiste a sheoladh chuig an seomra. Caithfidh sibh a bheidh eagraithe roimhe.

### Obair Bhaile:

- Níl aon obair bhaile ar feadh tréimhse. Beidh abhreithniú a dhéanamh ar seo i gceann cúpla seachtain. Beidh béim ar obair a fháil ar ais tríd ClassDojo. Beidh béim ar léamh, litriú ó bhéal, táblaí ó bhéal agus cluichí táblaí a dhéanamh sa bhaile.

### Fón Póca:

Má bhíonn ar pháiste fón póca a thabhairt ar scoil caithfear é a mhúchadh ag an ngeata ar maidin agus a chur sa mhála scoile.  Ní féidir leis an mhúinteoir an fón a bhailiú i mbliana de bharr srianta Covid 19. Mar sin níl aon fhreagracht ar an scoil má chailltear, má ghoidtear nó má dhéantar damáiste dó. Leantar cód iompair na scoile má tá an fón in úsáid ag an bpáiste ar shuíomh na scoile.

**Dualgas Foirne:**

Tá dualgas reachtúil ar an bhfoireann chun cúram réasúnta a thabhairt dá sláinte agus dá sábháilteacht féin, chomh maith le sláinte agus sábháilteacht a gcomhghleacaithe agus páirtithe eile.

Tá comhoibriú agus cabhair na foirne riachtanach chun scaipeadh COVID-19 a laghdú agus chun sláinte agus sábháilteacht a chosaint chomh fada agus is féidir sa scoil.

Tá ról lárnach ag gach ball foirne. Mar sin de, chun filleadh sábháilte ar ais ar an obair a éascú, áirítear ar na dualgais na rudaí seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:

- Cloígh le Plean Freagartha COVID-19 na Scoile agus na bearta smachta atá leagtha amach.
- Comhlánaigh an Fhoirm um Réamh-fhilleadh ar an Obair roimh fhilleadh ar ais ar an obair.
- Cuir an príomhoide ar an eolas maidir le aon rud bainte le COVID-19 nach bhfuil luaite ar an bhfoirm agus atá riachtanach a nochtadh chun filleadh sábháilte ar an ionad oibre a éascú.
- Glac páirt in Oiliúint Ionduchtaithe COVID-19 agus aon traenáil eile atá de dhíth roimh fhilleadh ar ais ar scoil
- Bí ar an eolas agus cloigh le dea-chleachtais bhéasaíochta sláinteachais agus anála.
- Oibrigh go dlúth lena gcomhoibrithe ionas go mbeidh scaradh sóisialta maith i bhfeidhm.
- Bí ar an eolas maidir le comharthaí COVID-19 agus tabhair aire dá fholláine féin. Plean Freagartha COVID-19 maidir le hAthoscailt Shábháilte agus Inmharthana Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta —— 36
- Déan féin-aonrú sa bhaile agus téigh i dteagmháil gan mhoill lena dhochtúir chun tuilleadh comhairle a fháil má thaispeánann sé aon chomhartha de COVID-19.
- Fan sa bhaile agus ná fill ar an scoil má tá aon chomhartha de COVID-19 aige.
- Má thaispeánann sé aon chomharthaí de COVID-19 agus é ar scoil, cloíghh leis an nós imeachta thuasluaite.
- Bí ar an eolas agus cloígh le treoracha na n-údarás sláinte poiblí is déanaí.

## Aguisín 1:

| **Dáta** | **Ag teacht ar scoil** | **Ag dul abhaile** |
|---|---|---|
| Déardaoin 27/08/20<br><br>Dé hAoine 28/08/20<br><br>**Rang a 1A ag dul abhaile ag 13:20 agus Rang a 1B ag dul abhaile ag 13:30** | Cruinniú le múinteoirí sa seomra ranga.<br><br>Meeting the teacher in the classroom. | 20 Nóiméad<br><br>20 Minutes |
| Dé Luain 31/08/20<br><br>Dé Máirt 01/09/20<br><br>Dé Céadaoin 02/09/20<br><br>Déardaoin 03/09/20<br><br>Dé hAoine 04/09/20<br><br>**Rang a 1A ag dul abhaile ag 13:20 agus Rang a 1B ag dul abhaile ag 13:30** | 9:15 – 9:45 r.n<br><br>Múinteoir ranga ag bailiú na páistí ag an doras in aice leis an bpáirc.<br><br>*9:15 – 9:45 a.m*<br><br>*Children to be collected by teacher from the pitch side door.* | 11:30r.n.<br><br>Páistí Naíonáin Bheaga A ag dul abhaile ón doras trasna ón bpáirc ag 11:30a.m agus Naíonáin Bheaga B ag 11:40a.m.<br><br>*Children to be collected from the* pitch side entrance door.<br><br>N. Bheaga A at 11:30a.m and N. Bheaga B ag 11:40a.m |
| Dé Luain 07/09/20<br><br>Dé Máirt 08/09/20<br><br>Dé Céadaoin 09/09/20<br><br>Déardaoin 10/09/20<br><br>Dé hAoine 11/09/20<br><br>**Rang a 1A ag dul abhaile ag 13:20 agus Rang a 1B ag dul abhaile ag 13:30** | 8.45 – 09:15 r.n.<br><br>Múinteoir ranga ag bailiú na páistí ag an doras in aice leis an bpáirc.<br><br>08:45 – 09:15a.m<br><br>*Children to be collected by teacher from the pitch side door.* | 12:00i.n.<br><br>N. Bheaga A Páistí ag dul abhaile ón doras in aice na bpáirce.<br><br>12:10i.n.<br><br>N. Bheaga B páistí ag dul abhaile ón doras in aice na bpáirce.<br><br>12:00p.m.<br><br>N. Bheaga A Children to be collected from the pitch side door.<br><br>12:10p.m.<br><br>N. Bheaga B Children to be collected from the pitch side door. |
| Dé Luain 14/09/20 ar aghaidh | 8.45 – 09:15 r.n<br><br>Múinteoir ranga ag bailiú na páistí ag an doras in aice leis an bpáirc.<br><br>08:45 – 09:15a.m<br><br>*Children to be collected by teacher from the pitch side door.* | 13:20i.n.<br><br>N. Bheaga A Páistí ag dul abhaile ón doras in aice na bpáirce.<br><br>13:30i.n.<br><br>N. Bheaga B Páistí ag dul abhaile ón doras in aice na bpáirce.<br><br>13:20p.m.<br><br>N. Bheaga A Children to be collected from the pitch side door.<br><br>13:30p.m.<br><br>N. Bheaga B Children to be collected from the pitch side door. |

### Aguisín 2: Seiclíosta

| Uimhir: | Beart: | Déanta? |
|---|---|---|
| 1. | An bhfuil an traenáil ag filleadh ar an obair déanta agat agus an foirm líonta? | |
| 2. | An bhfuil an foirm "Filleadh ar ais ar an obair" déanta agus seolta agat? | |
| 3. | Baintear aon chaibinéid, troscán srl. chun an spás sa seomra ranga a uasmhéadú | |
| 4. | Breithniú a thabhairt ar sheomra stórála lárnach a chur ar fáil sna scoileanna i gcomhair acmhainní múinteoirí ionas gur féidir an spás atá ar fáil laistigh den seomra ranga a uasmhéadú | |
| 5. | Is féidir deasca agus cathaoireacha i seomraí ranga a atheagrú chun scaradh Fisiciúil a uasmhéadú chomh fada agus is féidir (féach leaganacha amach léiritheacha na Roinne a thugann treoir maidir leis an gcaoi is fearr chun fad Fisiciúil a uasmhéadú agus d'fhéadfaí cur chuige den chineál céanna a leanúint chomh fada agus is féidir do rang-ghrúpaí agus do sheomraí ranga ar mhéideanna éagsúla). | |
| 6. | Déileáil le gach seomra ranga mar Bholgán Ranga. I mbunscoileanna níos lú, d'fhéadfadh gur daltaí ó blianta ranga difriúla a bheadh san áireamh leis sin. Is é an príomhphointe teorainn a chur leis an méid teagmhála a dhéantar agus le háiseanna comónta a bheith á roinnt idir daoine i mBolgáin Ranga éagsúla | |
| 7. | Is beart breise é Faighneoga a chruthú laistigh de Bholgáin Ranga seachas ceanglas iomlán. Más gá bolgán ranga a roinnt ina Fhaighneoga, deartar méid na Faigheoige chomh beag agus is féidir agus is praiticiúil ar bhonn réasúnta i gcomhthéacs an tseomra ranga ar leith. Coinnítear achar 1 mhéadar idir Faighneoga laistigh den Bholgán Ranga, agus am ar bith ar féidir, idir daoine aonair laistigh den Fhaighneog (Féach leagan amach léiritheach na Roinne). | |
| 8. | Leithdháiltear na rang-ghrúpaí ó Rang 3 aníos ar na seomraí ranga is mó (óir, de réir na comhairle sláinte phoiblí, ní réamhriachtanas é chun bunscoil a athoscailt do gach dalta go gcloífí le hachar 1 mhéadar sa seomra ranga idir daltaí sna Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha, ná sa 1 ú agus 2ú bliain) | |
| 9. | An bhfuil na Pods déanta agus ag úsáid na grúpaí ó TF? | |